Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7498/23**

**TELECOM 72**
**FIN 324**
**COMPET 217**
**MI 200**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 20 Márta 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7043/23 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa *'Gníomhaíochtaí r-Rialtais spriocdhírithe ar ghnólachtaí – Gníomhaíochtaí an Choimisiúin curtha chun feidhme, ach tá éagsúlachtaí fós ann maidir le fáil ar r-sheirbhísí ar fud an Aontais'* – Conclúidí ón gComhairle (an 20 Márta 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa 'Gníomhaíochtaí r-Rialtais spriocdhírithe ar ghnólachtaí – Gníomhaíochtaí an Choimisiúin curtha chun feidhme, ach tá éagsúlachtaí fós ann maidir le fáil ar r-sheirbhísí ar fud an Aontais', a d'fhormheas an Chomhairle (Talmhaíocht agus Iascach) ag an 3940ú cruinniú a bhí aici an 20 Márta 2023.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal**
***'Gníomhaíochtaí r-Rialtais spriocdhírithe ar ghnólachtaí – Gníomhaíochtaí an Choimisiúin curtha chun feidhme, ach tá éagsúlachtaí fós ann maidir le fáil ar r-sheirbhísí ar fud an Aontais.'***

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI

– a conclúidí maidir le feabhas a chur ar an scrúdú a dhéantar ar thuarascálacha speisialta arna ndréachtú ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh[1];

TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: *e-Government actions targeting businesses - Commission's actions implemented, but availability of e-services still varies across the EU* [gníomhaíochtaí r-Rialtais atá dírithe ar ghnólachtaí - gníomhaíochtaí an Choimisiúin curtha chun feidhme, ach tá éagsúlacht fós ann ar fud an Aontais maidir le fáil ar ríomhsheirbhísí];

TUGANN SÍ DÁ hAIRE na conclúidí agus na moltaí atá sa Tuarascáil Speisialta;

MEABHRAÍTEAR DI a 'Conclúidí maidir le Plean Gníomhaíochta don r-Rialtas 2016-2020: dlús a chur le hathrú digiteach rialtais'[2] lena n-iarrtar spriocanna sonracha, réalaíocha agus intomhaiste sa Phlean Gníomhaíochta agus comhleanúnachas idir na gníomhaíochtaí agus na hionstraimí airgeadais lena mbaineann a d'fhéadfadh cabhrú leis na Ballstáit chun an claochlú digiteach a bhaint amach;

[1] 7515/00 + COR 1.
[2] 11801/16

AITHNÍONN SÍ an méid seo a leanas go háirithe:

a) ní raibh buiséad sannta do Phlean Gníomhaíochta don r-Rialtas 2016-2020 agus, mar a thug CIE faoi deara, bhí cur chun cinn réiteach forbartha teoranta go príomha do na gníomhaíochtaí mar a bhí beartaithe sna gníomhaíochtaí aonair agus do mhalartú dea-chleachtas idir na Ballstáit;

b) rinne an Coimisiún faireachán ar aschur a ghníomhaíochtaí agus ní dhearna sé faireachán cuimsitheach ar thorthaí ná ar thionchair an phlean gníomhaíochta fhoriomláin sa bhreis ar aschuir na ngníomhaíochtaí aonair;

MEABHRAÍTEAR DI an comhar maith atá idir an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, maidir le r-Rialtas a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta le breis is 10 mbliana anuas, go háirithe trí na Pleananna Gníomhaíochta don r-Rialtas, darb aidhm riaracháin phoiblí a athrú trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach;

IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Coimisiún le moltaí uile na Tuarascála Speisialta;

MEABHRAÍTEAR DI gur tharraing paindéim COVID-19 aird ar a thábhachtaí atá seirbhísí poiblí digiteacha atá idir-inoibritheach agus athléimneach;

IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Chomhairle, an Pharlaimint agus an Coimisiún an Cinneadh lena mbunaítear Clár Beartais 2030 'Conair i dtreo na Deacáide Digití';

IARANN SÍ ar na Ballstáit a dtreochláir agus a gconairí náisiúnta a fhorbairt chun an sprioc a bhaint amach gur cheart príomhsheirbhísí poiblí, mar a shainítear iad sa Chlár Beartais don Deacáid Dhigiteach a bheith ar fáil ar líne faoi 2030;

MEABHRAÍTEAR DI tar éis don Choimisiún an dara tuarascáil maidir le 'Staid na Deacáide Digití' a fhoilsiú agus í a fhoilsiú gach dara bliain ina dhiaidh sin, go dtíolacfaidh na Ballstáit lena mbaineann coigeartuithe ar a dtreochláir náisiúnta ina mbeidh beartais, bearta agus gníomhaíochtaí a bhfuil sé ar intinn acu iad a dhéanamh chun na spriocanna digiteacha a bhaint amach;

IARRANN SÍ ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa an Gníomh um Eoraip Idir-inoibritheach[3] lena leagtar síos bearta chun ardleibhéal idir-inoibritheachta san earnáil phoiblí a bhaint amach ar fud an Aontais agus an Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat le haghaidh na Céannachta Digití Eorpaí[4] a ghlacadh go pras;

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún comhleanúnachas a áirithiú idir na gníomhaíochtaí is gá agus na hionstraimí airgeadais ábhartha a d'fhéadfadh cabhrú leis na Ballstáit claochlú digiteach a seirbhísí poiblí a bhaint amach;

IARRANN SÍ ar an gCoimisiún straitéis chuimsitheach a fhorbairt chun seirbhísí r-Rialtais a chur chun cinn go héifeachtach a bheidh dírithe ar ghnólachtaí ar fud an Aontais;

IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún aird a thabhairt ar chonclúidí agus moltaí na Tuarascála Speisialta agus molann sí dóibh scrúdú cúramach a dhéanamh ar na moltaí sin.

---

[3] 14973/22
[4] 9471/21